# Guth Ghoill

Luach € 2.00




*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# An Clár

Cluain tSaileach (ar leanstan) 3

Frank Ó hOireachtaigh 11

Scéal na Mucaise 13

Curaí Fhánada 15

Oíche Chultúrtha 16

Féile Chéim Aniar 2013 17

Imeachtaí na bPáistí 19

Oibrithe Áras Ros Goill 20

Feadaímó Na Nollag 21

Scoil Mhíobhaigh (thart fá 1955) 23

Na Naíonraí 24

© Céim Aniar Teoranta

# *Cluain tSaileach*

*(ar leanstan)*


***Muintir Mhic Daibhéid. (Muintir Shéarlaí Phaidí).***



Tá teach Joe Mac Daibhéid nó Joe Ghracie mar is fearr aithne air suite ar an taobh thuas de theach mhuintir Phaidí Mhór agus cóngarach don Síbín Ceoil i gCluain tSaileach. Ba seo an teach a thóg a athair Dónall Shéarlaí Phaidí nuair a pósadh é, an teach inár thóg sé fhéin agus a bhean chéile, Gracie Frank as Dumhaigh, a gclann. Ba é a rinne an obair thógála ar fad. Sular pósadh Dónall bhí cónaí air i dteach a mhuintire; tá an teach beag glan ordúil seo ansin go fóill, ar chúl a thigh fhéin. Is lena mhac Danny an teach seo anois. Roimhe sin bhí cónaí ar mhuintir Mhic Daibhéid nó muintir Phaidí ar an taobh eile den bhealach mhór os comhair an tsiopa a bhí ag Maggie Cháitríona. Triúr de theaghlach a bhí ag Paidí 'Ac Daibhéid, beirt mhac agus iníon - Chéarlaí, John agus Máire.

***Chéarlaí 'Ac Dáibhíd (Chéarlaí Phaidí).***

Rugadh Chéarlaí i gCluain tSaileach 1848. Bhí sé pósta ar bhean a raibh Gracie Ní Ghallchóir uirthi as Cluain tSaileach fosta. Bhí seisear clainne acu: Paidí (1886), Dónall (1888), Chéarlaí (1890), John (1892) Máire (1894) agus Annie (1897). Cha raibh Paidí, Annie ná Máire pósta, chaith siad a saol ina gcónaí ansin sa teach inár tógadh iad ann i gCluain tSaileach. Bhí aithne agam fhéin ar Phaidí mar gur ghnách leis cuairt a thabhairt ar chomharsa de mo chuid, ba sin Padaí Mac Giolla Bhríde, (Padaí Fenny) i gCeann na Leargaí. Bhí Paidí Fenny pósta ar cholceathar de chuid Phaidí Shéarlaí Phaidí, ba sin Máire John Phaidí. Fear beag suaimhneach socair nach mbainfeadh do dhuine ar bith a bhí in Padaí. Bhí Chéarlaí pósta thíos i nDoire a'Chasáin ar Sophie Ní Ghrifín nó Sophie 'n Mháistir mar ab fhearr aithne uirthi. Bhí duine amháin clainne acu, girseach a raibh Máire uirthi. Bhí sí pósta sna Gleanntaí ar Micí Quinn ach ar an drochuair fuair sí bás óg.



*Annie Shearlaí Phaidí*



*Teach Annie Shearlaí Phaidí*

Bhí aois mhór ag Chéarlaí Phaidí nuair a fuair sé bás i 1943, é cúig bliana déag le cois na ceithre scór. Cha dtig a rá gur saol sochrach ba chúis lena shaol fada mar gur ghnách leis fhéin agus lena mhacasamhail san am sin a dhul anonn go hAlbain achan bhliain leis an fómhar a bhaint. Ba ghnách lena chomharsa béal dorais Donchadh Mhícheáil a dhul anonn fosta. Bhíodh corrán le achan fhear acu faoina ascaill; shiúlfadh siad go Rath Maoláin, bád farrantóireachta go Fathain agus de shiúl na gcos arís as sin go Doire leis an bhád a fháil. Smaoinigh ar an siúl fada a bhí le déanamh acu ar an taobh eile agus ansin an séasúr a chaitheamh sna páirceanna móra sin a bhí fá Ayrshire, cromtha le corrán lá i ndiaidh lae agus gan deis scíste acu ach amháin nuair a bhíodh faobhar acu le cur ar na corráin. Agus gan de luach saothair as seo uilig ach £7 agus ba seo an méid ba mhó a shaothraíodh siad. Théadh siad go dtí an fheirm chéanna achan bhliain agus bhíodh siad 'na bhaile fá Shamhain.

***John 'Ac Daibhéid (John Phaidí).***

Rugadh John Phaidí, dearthháir le Chéarlaí timpeall na bliana 1845. Bhí sé pósta ar Fenny Nic Giolla Chearra agus bhí seachtar clainne acu: Pádraig (1889), Máire (1890), John (1895), Gracie (1894), Hannah, Chéarlaí agus Nóra. Bhí cónaí ar Phádraig amuigh ar chúl an chnoic agus bhí sé pósta ar Annie Ní Ghallchóir, iníon le Jamie agus Sarah Ghallchóir as Cluain tSaileach. Bhí na trí cloigne déag de chlann


acu. Bhí Máire, mar a luaigh mé níos luaithe, pósta ar Phadaí Mac Giolla Bhríde (Padaí Fenny) i gCeann na Leargaí agus bhí an chloigeann déag de theaghlach acusan. Tá duine acu beo go fóill, sin Padaí atá ag tarraingt ar na deich mbliana agus ceithre scór. Bhí Hannah pósta ar Phadaí Mac Giolla Bhríde (Padaí Mhadgie) thíos i nGleann Úraí agus bhí ochtar clainne acu – Máire, Chéarlaí, Rosie, Micheál, Dinis, Madgie, Padaí agus John. Tá Rosie beo go fóill thall i Sasana.

Bhí Gracie pósta ar Johnny Ó Sibhleáin (Johnny Phártholáin) agus bhí cónaí orthu i gCluain tSaileach. Ochtar clainne a bhí acu - Fanny, Padaí, Agnes, Máire, Bríd, Treasa, Anne agus Hannah. Bhí beirt acu pósta go háitiúil, Fanny ar Phadaí Mac Giolla Bhríde (Padaí Ghráinne) ar an Raplach agus Treasa pósta ar Jimí Beag Mac Giolla Bhríde (Jimí Dhonchaidh Mhícheáil) i gCluain tSaileach.

***Máire Nic Daibhéid (Máire Phaidí)***

Bhí Máire Phaidí pósta ar Bhrianaí Mac Giolla Bhríde (Brianaí Chonchúir) i mBaile 'n tSléibhe agus bhí ceathrar clainne acu, Donchadh, Máire, Nochaí agus Padaí. Bhí iníon le Nochaí, sin Maggie, pósta ar Neety MacLaifeartaigh (Neety Phádraig Den) i nDumhaigh. Cha raibh clann ar bith acu. Bhí Padaí pósta ar Ghracie Nic Laifeartaigh (Gracie Bhoy) as an Bhaile Úr. Bhí trí cloigne déag de chlann acu. Bhí aithne mhaith ar mhac amháin dá gcuid agus ba sin John Ghracie Bhoy, a raibh cónaí air fá na Dúnaibh ar feadh blianta fada agus a fuair bás roinnt blianta ó shin. Is cosúil go bhfuair Máire bás óg mar nach bhfuil sí le fáil ar dhaonáireamh na bliana 1901 ná 1911.

***Dónall Shéarlaí Phaidí agus Gracie Frank.***



*Dónall Shéarlaí Phaidí*

Mar atá luaite thuas bhí Dónall Shéarlaí Phaidí pósta ar Ghracie Ní Bhuaidhe (Gracie Frank) as Dumhaigh. Mar a bhí coitianta ag an am thóg siad clann mhór, naonúr ar fad, cúigear gasúr agus ceathrar girseach - Bhí Gracie, John, Chéarlaí, Paidí, Danny, Máire, Joe, Hannah agus Bidí ann. Fuair Bidí bás ina tachrán, cha raibh sí mórán le sé mhí.

Macasamhail na bhfear eile thart fán cheantar seo ag tús an chéid dheireanaí bhí an fharraige agus an iascaireacht lárnach ina shaol. Ba seo le linn tréimhse iascaireachta sna Dúnaibh nach bhfuil fágtha de anois ach na cuimhní. An bád ba mhó a bhí luaite le muintir Shéarlaí Phaidí ná an 'Daylight Star'.



*Gracie Frank agus a hiníon, Hannah*

*'Daylight Star'.*

Tógadh an 'Daylight Star' in Sandhaven baile beag in aice le Aberdeen ar chósta thoir na hAlban sa bhliain 1912-1913, céad bliain ó shin. Bhí sí os cionn trí fichid troigh ar fhad. Chosain an bád agus an t-ineall a cuireadh inti £1,278, airgead mór ag an am. Ba as ceantar Chionn Caslach an chéad chriú a ghlac seilbh ar an bhád i 1913. Ligeadh ar shiúl iad i mí Lúnasa 1914 agus ba chriú as na Dúnaibh a chuaigh uirthi ansin - muintir Mhic Daibhéid. Bhí Dónall agus Padaí Shéarlaí Phaidí, John John Phaidí, colceathracha as Baile 'n tSléibhe, Nochaí agus Padaí Bhrianaí Chonchúr comh maith le Micheál MacLochlainn as Míobhaigh ar an chriú. Shocraigh siad go ndéanfadh siad an bád a iascaireacht go dtí mí Márta 1915. John John Phaidí a bhí mar scipéir ar an bhád. Oíche amháin sa bhliain 1914 rinne drifter de chuid na hAlban naoi bpíosa dhéag de chuid eangacha an 'Daylight Star' a stróiceadh agus a roiseadh amach ó Chnoc Fola agus thug an Bord iad 'na cúirte áit ar gearradh fíneáil de £33 ar an drifter.

Ba Dónall Shéarlaí Phaidí a bhí mar scipéir ar an bhád nuair a cheannaigh sé fhéin agus John John Phaidí an bád ón Bhord i mí Dheireadh Fómhair 1915. Rinne siad neart iascaireachta uirthi go dtí'n bhliain 1922 nuair a dhíol siad an bád ar ais. Is dócha go raibh meath mór tagtha ar iascaireacht na scadán fán am sin agus lena chois sin thit an tóin as margaí

na hEorpa i ndiaidh an chéad chogaidh. Bhí scéal ag Danny a fuair sé óna athair fá oíche amháin a bhí an 'Daylight Star' ag seoladh síos na Maol Ruaidhe ar a bealach 'na farraige moiré le dhul a iascaireacht. Thug an chriú faoi deara go raibh bád eile, macasamhail a mbáid fhéin, ag seoladh taobh leo - bád taibhsiúil. Chuaigh siad uilig ar a nglúine agus dúirt siad an paidrín agus d'imigh an bád taibhsiúil seo as amharc. Níos moille san oíche nuair a bhí siad ag tarraingt isteach na n-eangacha a bhí siad i ndiaidh a chur cad é a bhí gabhta sna heangacha ach mianach farraige. Chuir siad amach comharthaí go raibh siad i gcruachás agus dheamhan i bhfad go raibh long cogaidh de chuid na Breataine taobh leo le tarrtháil a thabhairt orthu. Char ghlac sé i bhfad don long cogaidh an mianach a bhaint amach as na heangacha agus tháinig siad slán. Is dócha gur chreid siad ansin go bhfuair siad comhartha níos luaithe san oíche nuair a sheol an bád eile taobh leo, comhartha dóibh a bheith ar a n-airdeall. Chreid na hiascairí, níos mó ná dream ar bith eile, sna comharthaí seo.

Cha raibh Dónall ach trí bliana agus trí fichead nuair a fuair sé bás i gCluain tSaileach sa bhliain 1952. Fear a bhí ann a d'oibrigh go cruaidh le linn a shaoil, an iascaireacht, anonn is anall go hAlbain, ag cur agus ag sábháil an bhairr agus sábháil móna. Lena chois sin bhí am aige na clocha a bhaint agus a theach fhéin a thógáil comh maith leis na dualgaisí agus cúramaí clainne a bhí air mar gur thóg sé clann mhór. I 1957 cúig bliana i ndiaidh de Dhónall bás a fháil fuair a bhean Gracie bás agus gan í ach na ceithre bliana thar na ceithre scór.

**Clann Dhónall Shéarlaí Phaidí agus Ghracie Frank.**


Gracie

Bhí Gracie pósta in Edinburgh ar fhear a raibh Danny Ó Domhnaill air agus bhí triúr clainne acu - Danny, Síle agus Gerard ach fuair Danny bás óg. Ba Gracie an duine ba sine den teaghlach agus fuair sí bás sa bhliain 2004 agus í sé bliana le cois na ceithre scór.


Chaith John an chuid ba mhó dá shaol in Albain, anonn is anall. Tá sé ar shlí na fírinne ó 1996.


John

Tógadh Charlie thíos i nDumhaigh ag a mháthair mhór, Máire Ní Bhuaidhe (Máire Chonchúir Ruadh). Chaith sé tamall in Albain agus ansin shocraigh sé a dhul go Meiriceá i 1958. Phós sé bean as Cathair na Mart (Westport), Jane Mc Donnell, thall i Meiriceá. Nuair a


Charlie & Jane

chuaigh sé amach ar phinsean tháinig sé fhéin agus a bhean na bhaile go Co. Mhaigh Eo leis an chuid eile dá saol a chaitheamh ansin. Fear a bhí ann a chaith a shaol go suaimhneach, cha dtug sé drochúsáid ar bith do fhéin ach sin agus eile fuair sé bás tobann maidin amháin agus é ag éirí, ba sin sa bhliain 1985.. Cha raibh clann ar bith aige.


Pádraig

Bhí Pádraig pósta in Albain ar Teresa Bonnar as Ailt a'Chorráin (Burtonport). Bhí triúr clainne acu agus tá siadsan ina gcónaí in Albain. Fuair Pádraig bás sa bhliain 2006 agus é bliain thar na ceithre scór.

Amach ó thuaisceart na hAlban atá na hOrkneys. Ba thuas anseo in Kirkwall a bhí cónaí ar Mháire, áit a raibh sí pósta ar John Shearer. Bhí triúr clainne aici. Ba ghnách léi ruaig a thabhairt 'na bhaile ó am go chéile; bhí sí abhus fá choinne teacht le chéile Scoil Mhíobhaigh traidhfil bliantaí ó shin. I ndiaidh dá fear céile bás a fháil bhí sí ag smaoineamh ar theacht agus cónaí a dhéanamh sa bhaile. Ach dhá bhliain ó shin fuair sí fhéin bás agus chuir sin deireadh leis an mhian a bhí aici deireadh a saoil a chaitheamh fán bhaile. Tá a clann ina cónaí sna Orkneys.


*Máire, Danny agus Hannah*
*(Teacht le chéile Scoil Mhíobhaigh)*

Chaith Hannah tamall in Albain fosta ach ansin phós sí a comharsa béal dorais dá cuid, Micheál Mac Giolla Bhríde (Michéal Dhonchaidh Mhicheáil) agus rinne siad cónaí i Leargán Riach. Beirt de chlann a bhí acu, beirt ghirseach Catherine agus Gráinne. Fuair Hannah bás mí Meitheamh, 2010.

Tá Danny agus Joe beo beathach go fóill agus iad ina gcónaí i gCluain tSaileach. Bhí an ceol go smior i muintir Ghracie agus thug siad sin leo ón dá thaobh den teaghlach.

***Joe Mac Daibhéid (Joe Ghracie).***

Tá cuimhne mhaith ag Joe fána chuid laethanta ar an scoil agus bhí dúil bhreá aige a bheith ag dul 'na scoile. Bhí cuimhne aige ar na máistrí Seán Ó Cinnéide, Jack Mac Pháidín agus Seosamh Ó Gallchóir a bheith ansin ina am ach ba ag an máistír Ó Gallchóir a bhí seisean. Bhíodh scoláirí ansin fosta ó cheantracha eile, comh fada ar shiúl le Doire. Páistí a bhí ag iarraidh leas a bhaint as Gaeilge an cheantair agus scoláireachtaí Gaeltachta. Ba seo in am Sheán Uí Chinnéide agus Sheán 'Ac Fhionnlaoich.



*Clann Mhic Daibhéid*
*Ó chlé tá Sarah & Joe, John Shearer & Máire, Danny, Gracie, Pádraig, Carol, Teresa (bean Phádraig) John agus Hannah.*

Bhíodh neart timireachta agus oibre le déanamh fán bhaile nuair a bhíodh a lá ar an scoil thart. Bhíodh sé ag buachailleacht go minic agus fosta bhíodh air a bheith ag tarraingt trioplóg as Baile 'n tSléibhe. Bhí áit tineadh mhór fhoscailte in achan teach agus bhí na trioplóga úsaideach le go mairfeadh an mhóin níb fhaide. Gearrann Joe a chuid móna fhéin go fóill mar go measann sé nach bhfuil a dhath cosúil le tine bhreá mhóna.

Nuair a thigeadh saoire an tSamhraidh ón scoil théadh Joe agus bunadh óg eile an cheantair ag giollacht nó ag caddyáil mar a thugtaí air. Chuirtí an cúpla scilling a gheobhadh siad ar an chaddyáil in úsáid mhaith. Leathchoróin an íocaíocht a bhí ann san am dá ndéanfá ocht bpoll dhéag. Gheofá corrdhuine a bhéarfadh ceithre scillinge duit nó dá bhfaighfeá galfaire a bheadh breá flaithiúil b'fhéidir go bhfaighfeá cúig scillinge. Bhí cuid acu a bhí gortach go leor. Bhí dream amháin nach gcuirfeadh na giollaí (caddies) mórán fáilte rompu agus ba sin na 'runners'. Seo daoine a thigeadh ar cuairt lae nó tráthnóna agus nach mbeadh ansin ach fá choinne an tréimhse sin. Bhí drochainm ag bunús na ndaoine seo ó thaobh íocaíochta de agus cha bheadh mórán fonn ar na caddies a dhul amach leo. Bhí dream amháin ba ghnách theacht as Baile na nGallóglach agus bhí clú ar leith luaite leo seo as siocair iad a bheith comh gortach sin! Bhí a ndóigh fhéin ag na caddies le cúiteamh a bhaint amach!

In am Joe ba ghnách le galfairí a theacht anall as Óstán Phort a' tSalainn agus bhíodh a gcuid caddies fhéin leo. Chuireadh Joe agus a chomrádaithe sonrú mór iontu seo mar gur seanchaddies a bhí iontu, bhí aois mhaith acu agus bairéid a gcaitheamh acu uilig. Cha raibh taithí ar bith acu anseo ar sheandaoine a bheith ag caddyáil.

*Joe in Albain.*

Trí bliana is fiche a bhí Joe nuair a d'imigh sé anonn go hAlbain a chéaduair, ba sin sa bhliain 1952. Anonn leis fhéin a bhí sé ag dul ach tharla sé go raibh Dinis Mac Giolla Bhríde (Dinis Mhicí Ruadh) sa bhaile ar saoire agus bhí an bheirt acu anonn i gcuideachta.

Thug Joe a aghaidh ar Edinburgh agus fuair sé obair ar fheirm ansin, áit a raibh a chuid dearthaireacha Pádraig agus Charlie ansin roimhe. Rinne sé achan chineál oibre ar na feirmeacha, cur agus sábháil bairr agus ag obair leis an eallach. D'oibrigh sé ar an fheirm i rith na bliana agus d'fhág sin go raibh lóistín aige ansin fosta i mbotaí. Bhí an botaí breá te agus rinne sé a chuid cócaireachta fhéin, fuair sé bainne agus uibheacha ar an fheirm. Bhí sé breá seascair fá choinne an Gheimhridh agus plaic le cur ina bhéal. Bhí obair an Gheimhridh uilig a dhéanamh taobh istigh, ag obair sna bóithigh ag amharc i ndiaidh an eallach. Páighe de £9 nó £10 sa tseachtain a bhí acu ag an am.

Bhí cuid de na feirmeoirí a bhí cothrom agus cóir leo agus leoga bhí cuid acu nach raibh mórán ama acu do na hÉireannaigh. Cha raibh iontaobh ar bith acu astu mar go gcuireadh cuid de na hÉireannaigh 'un tosaigh orthu é dá bhfaigheadh siad an deis. Nuair a bhíodh siad ag dul do na tornapaí bhíodh an méid oibre a dhéanadh siad roinnte suas ina slabhraí agus bhí méid áirithe slat in achan slabhra. Bheadh do luach saothair ag brath ar an méid slabhra a rinne tú sa lá. Dúirt Joe go raibh sé de ghnás ag cuid de na hÉireannaigh cúpla slabhra sa bhreis a chaitheamh isteach nuair a bhíodh siad ag tabhairt a gcuntas don fheirmeoir. Bhí sé doiligh súil a choinneáil ar a leithéid ach bhí cuid de na feirmeoirí i gcónaí amhrasach.

Am bhaint na bprátaí thosódh na 'squads' nó na 'tattie hokers' a theacht. Rachadh inneall bainte prátaí thart ag baint agus ansin bhíodh an dream a bheadh ag cruinniú spréite thart agus bascáid acu uilig, idir fhir is mhná, idir ghasúraí óga agus ghirseachaí óga. Bhí siad uilig ansin ag sclábhaíocht ar leathphingineacha. Chaitheadh méid áirithe a bheith cruinnithe acu sula dtiocfadh an t-inneall a fhad leo arís, cha raibh am scíste ar bith ann. Théadh Joe thart le beathach agus cáirt agus



*Ó chlé tá Donnchadh Mac Giolla Bhríde, Cornie Mac Giolla Bhríde, Danny Mac Daibhéid, Danny Ó Buaidhe, Muiris Mac Aodha, Joe Mac Daibhéid, John Mac Giolla Bhríde (Shuss), Pádraig Ó Gallachóir, John Mac Giolla Bhríde (Nead) John Mac Pháidín, Frank Heena agus William Mac Nuadhat.*

chaitheadh sé na prátaí as na bascáidí isteach sa cháirt. Nuair a bhíodh a cháirt lán aige d'imeodh sé a fhad leis an pholl prátaí (pit) agus dhéanadh sé an beathach agus an cháirt a thiomáint isteach sa pholl prátaí lorg a thóna. Nuair a bheadh na prátaí uilig caite amach as an cháirt bhí sé ar shiúl fá choinne malach eile. Obair mhaslach a bhí ann dóibhsean a bhí ag cruinniú, bhí sé tíoránta ar an droim, cromtha sa pháirc ag cruinniú i rith an lae achan lá go dtí go mbeadh séasúr bhaint na bprátaí thart.

Coinníodh cuid den scaifte a bhíodh ag cruinniú agus chaitheadh siad an Geimhreadh ag toghadh prátaí. Ba chuimhin le Joe gur ghnách le Micí Phadaí Mhadgie trí bhascáid a bheith aige nuair a bheadh sé ag toghadh prátaí thíos i nGleann Uraí - bascáid fá choinne prátaí pór, prátaí beaga agus prátaí le hithe. Ba obair fhuar dhian a bhí i dtoghadh phrátaí fá fheirmeacha na hAlban agus gaoth pholltach fheanntach an Gheimhridh ag baint an chraicinn daoibh. Cha raibh ag na créatúir seo mar lóistín ach leapacha cotháin istigh i sciobóil.

Ba ghnách le Joe a theacht 'na bhaile i dtrátha na Nollag agus i ndiaidh dó trí nó ceithre bliana a chaitheamh thall d'fhan sé sa bhaile mar nach raibh duine ar bith sa bhaile ag a mháthair. Ba ghnách leis obair a fháil anois is arís leis an Chomhairle Contae agus chaith sé tréimhse ag obair ar chúrsa gailf Ros na Binne. Bhí Donchadh Phadaí Bhuidhe agus Hughie Rua ag obair ar an chúrsa ag an am. Jacob Mac Giolla Choinnigh a bhí ina shaoiste (boss) ar na hoibrithe a bhí ar an chúrsa gailf ar feadh blianta fada ach fuair sé bás sular thosaigh Joe agus ba Francie Beag Mac Giolla Bhríde a tháinig mar shaoiste ina dhiaidh. Nuair a d'fhág Francie fuair Tommy Hay an post seo. D'oibrigh Joe sé lá na seachtaine ón hocht go dtí a sé agus gan amach as ach £1 in aghaidh na seachtaine.

Joe i Mc Nutt's.

Is cinnte go raibh lúcháir ar Joe nuair a fuair sé post buan i monarcha bréidín (tweed factory) Mhic Nutt i 1956. Thosaigh sé fhéin agus Pádraig Ó Gallchóir (Padaí Mhicí) as an Ghlíob ar an lá céanna. Bhí sé sé bliana is fiche ag an am. Is cuimhin leis go raibh tuairim is dhá chloigeann déag ag obair ansin nuair a thosaigh sé. Bhí dhá John Mac Giolla Bhríde as Gort na Luchóg, John Nead Phadaí Éamoinn agus John Shuss, John Mac Pháidín (John



*Duthie Memorial Hall*

Mhicheáil) as Dumhaigh, Muiris Mac Aodha as na Dúnaibh, Éamon agus Dinis Mac Giolla Bhríde (an táilliúr) as Ceann na Leargaí, Jimí Ó hOireachtaigh (Jimí Bhrianaí) Francie Mac Laifeartaigh (Francie Frainc) as an Bhaile Úr, Leslie Lucas as Ros Na Binne, Padaí Ó Gallchóir as an Ghlíob, Joe agus a dheartháir Danny.

Chan sa mhonarcha a bhí siad ag obair ag tús ama ach sa Duthie Memorial Hall mar nár tógadh an mhonarcha go ceann cúpla bliain ina dhiaidh sin. Thosaigh sé thart fá mhí Mheán Fómhair ar £1 sa tseachtain. Fuair sé oiliúint mar fhíodóir agus d'éirigh go maith leis. Ba ghnách leo a ndinnéar a fháil achan lá tigh Ellen Bn. Mhic Fhionnlaoch (Ellen Mhuslaic), teach mór dhá stór a bhí ar an taobh eile den bhealach ó Oifig An Phoist. Bhíodh rása suas an bealach fhad leis an teach achan lá ag am dinnéir, an chéad duine a gheobhadh fhad leis an tábla ba aige a bheadh an chuid ab fhearr de na prátaí. Fuair siad lón maith achan lá agus char fhág duine ar bith an teach ariamh ocrach. An mhonarcha a dhíol as an lón. Ansin i dtrátha na Nollag shocraigh an mhonarcha go ndíolfaí na fir as an méid oibre a bheadh déanta acu in aghaidh na seachtaine agus ar an dóigh sin tháinig ardú maith sa pháighe. Cha raibh sé ag obair i bhfad sa mhonarcha go dtí go dtáinig lá gaoithe moiré agus gur séideadh isteach taobh an halla. Ba san am seo a socraíodh monarcha úr a thógáil. Nuair a d'aistrigh siad isteach sa mhonarcha úr thosaigh an fhoireann oibre ag méadú. Tugadh isteach oibrithe breise achan bhliain agus cuireadh oiliúint orthu ar chúrsaí fíodóireachta. Sé bliana agus fiche a chaith Joe ag obair sa mhonarcha. Thug an mhonarcha fostaíocht mhór sa cheantar agus cé nach raibh an pháighe ar an chuid ab airde, ar a laghad bhí daoine fá bhaile.



*Teach Joe & Sarah*

Phós Joe Sarah Ní Shiadhail as Átha Leataobh agus bhí beirt chlainne acu, Dónall agus Suzanne. Tá Dónall ina shaineolaí ar ríomhairí agus post aige in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Tá sé pósta anois agus teach breá tógtha aige fhéin agus ag a bhean Patricia faoi scáth Gháinne Mór. Tá Suzanne pósta i nGaoth Dobhair agus triúr girseach aici.

Tá Joe agus a bhean Sarah ina suí go seascair sa teach breá a thóg a athair blianta ó shin agus é ina fhear óg. Is maith le Joe a bheith ag léitheoireacht, go háirithe leabhartaí Gaeilge Is fearr leis go mór an seanchló mar gur sin a raibh taithí aige air agus é ar an scoil. Is maith leis fosta a bheith ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta. Tá an chuid is fearr de scéalta agus d'amhráin Ghaeilge aige agus guth den scoth aige le hiad a cheol. Gura fada buan folláin a mhairfidh sé.

***Danny Mac Daibhéid (Danny Ghracie).***

Le linn do Danny a bheith sna ranganna sinsir i scoil Mhíobhaigh bhí dhá phríomhoide éagsúil aige, Seán Ó Cinnéide agus Seán 'Ac Fhionnlaoch. Bhí siad breá géar agus cha mhaith duit a bheith ar dhóigh ar bith dalba. Bhí Ó Cinnéide iontach dian ar pháiste ar bith a bhfaigheadh sé ag caint Béarla sa chlós. Nuair a d'fhág an Máistir Ó Cinnéide tháinig an Máistir Mac Fhionnlaoch as Gaoth Dobhair ina áit. Ba eisean a thóg an teach sin ag an choirnéal in aice le páirc peile na nDúnaibh. Bhí duine amháin clainne aige, girseach bheag a fuair bás óg. Bhí Danny maith ag ceol agus ba ghnách leis Danny a thabhairt isteach sa tseomra achan lá ag am lóin le 'Cruacha Glas na hÉireann' a chanadh dó. Bhí Seán Mac Fhionnlaoch ansin traidhfil blianta.

Bhí an timireacht chéanna le déanamh ag Danny achan tráthnóna agus a bhí ag achan ghasúr eile, ag buachailleacht, ag blí na mbó, ag tarraingt trioplóg agus a lán rudaí eile ag brath ar an tséasúr. Chaith sé sé mhí ar fostú ag Stephen Mac Giolla Bhríde, (Stephen Jack). Tráthnóna deas Samhraidh amháin bhí sé thíos fá Bhinn na gCoinín áit a raibh bearach caillte. An chéad rud eile mhothaigh Danny mar a bheadh scaifte ag damhsa thart air, amhail is mar a bheadh baicle de pháistí ag teacht amach doras na scoile. D'imigh sé 'na rith le heagla. Tamall 'na

dhiaidh sin fuarthas an bhearach istigh sna toir in aice na háite sin. Tá Danny cinnte de go dtí an lá inniu gur na síogaithe a bhí ann.

**In Albain.**

An chéad uair a chuaigh Danny go hAlbain ba anonn leis na tattie hokers a chuaigh sé. Mar a luaigh mé cheana ba obair mhaslach a bhí ann, lóistín istigh i seansciobóil ar leapacha cotháin agus gan mórán de luach saothair i ndiaidh na sclábhaíochta seo. Ach mar a dúirt Danny bhí siad óg folláin agus lán fuinnimh agus char chuir na coinníollacha garbha seo ná an suim suarach airgid a fuair siad mar luach saothair buaireamh ar bith orthu, char shíl siad a dhath dó. Chas siad le daoine óga eile ó cheantracha eile agus dar ndóigh bhí girseachaí óga fosta agus go leor damhsaí ag deireadh na seachtaine. Mhair tréimhse chruinniú an bprátaí cúpla mí. Bhí a athair in Albain ag an am agus nuair a bhí Danny réidh le theacht na bhaile tháinig a athair isteach san fheirm ina raibh sé tráthnóna amháin agus thug sé é 'na bhaile.

Chaith sé tréimhse sé mhí ar fostú thiar ag na Speers in Achadh an Dá Chor fosta. Ba seo an áit a raibh an obair throm agus go leor de le déanamh. Cha raibh am saor aige san oíche ach an oiread mar go gcaitheadh sé a dhul amach ag lampáil coiníní. Bhí lúcháir air nuair a bhí a shéasúr fostaíochta curtha isteach aige agus 'séard a tugadh dó ar son a chuid oibre ná dhá chaora. Bhí oiread lúcháir air ag teacht 'na bhaile leis an dá chaora amhail is dá mba dhá mhála ór a bhí leis. Ach dhá sheanchaora a bhí iontu agus cha raibh siad seachtain amuigh ar an chnoc go dtí gur stiúc siad. Nach millteanach an dóigh a caitheadh le daoine san am sin.

***Stáit Aontaithe Mheiriceá.***

Timpeall na bliana 1952 fuair Danny post i monarcha Mhic Nutt. Bhí sé ar dhuine den chéad dream a thosaigh. Willie Mc Nutt a bhí i gceannas orthu agus dúirt Danny gur fear uasal amach a bhí ann mar shaoiste. Bhí Frank Heena agus Bernie Mc Neilis abhus as Ard 'n Ratha le oiliúint a chur orthu i gcúrsaí fíodóireachta. Thaitin an obair seo le Danny agus bhí sé ag fáil ar aghaidh go maith.

Bhí uncail dá chuid, fear a raibh Frainc air, deartháir dá mháthair agus bhí cónaí air amuigh i New York. Bhí sé pósta ar bhean as Ciarraí agus bhí siad sa bhaile ar laethanta saoire sa bhliain 1957. Le linn do a bheith sa bhaile chuaigh Danny go Dumhaigh a amharc air. Le linn dóibh a bheith ag caint agus ag comhrá shocraigh siad go ndíolfadh siad pasáiste Danny go Meiriceá. I ndiaidh dóibh imeacht ar ais go Meiriceá bhí Danny ag fanacht go foighdeach lá i ndiaidh lae le scéala a fháil uathu. Sa deireadh thiar thall tháinig scéala chuig Danny



*Hannah Frank, Den Frank agus Gracie Frank*

go raibh a phasáiste íoctha. Cé go raibh lúcháir air an scéala a fháil is dócha go raibh sé idir dhá chomhairle fosta mar go raibh post maith aige ag an am i monarcha Mhic Nutt, agus é ag saothrú cúig phunt sa tseachtain. Cibé ar bith shocraigh sé imeacht agus ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair 1957 thug sé aghaidh ar Mheiriceá.

**Ag Obair.**

Thosaigh a chuid fostaíochta i stór mór ar 5th Avenue. Ansin d'fhág sé an stór agus chuaigh sé i gceann oibre in otharlann i Ward's Is. áit ar chaith sé bliain agus fiche. Bhí sé ag déanamh teiripe shaothair ach cha raibh an oiread sin taitnimh aige a bheith ag obair taobh istigh. D'fhiafraigh sé d'údaráis na hotharlainne an bhféadfadh sé obair a fháil taobh amuigh agus ba ghoirid go raibh post siúinéireachta faighte aige a thug é amach faoin aer.

Le linn do a bheith ag obair san otharlann bhíodh sé ag obair in áiteacha eile fosta go páirtaimseartha. Bhí sé i gceannas ar chúrsaí slándála in Ionad Siopadóireachta ar feadh tréimhse. Ba seo obair a rinne sé tráthnóna, i ndiaidh a chuid oibre san otharlann a bheith críochnaithe, agus fosta ag





*Teach Danny i Meiriceá*

deireadh na seachtaine.

Bhí cónaí air in áit a raibh Campbell Hall air, baile beag amuigh fán tír agus bhí post aige mar Chonstábla Baile (Town Constable) anseo. Ba iad na cúramaí a bhíodh air leis an phost seo ná a bheith ag coinneáil súil ar dhaoine a mbíodh easaontas nó achrann eatarthu. Bhíodh air a dhul 'na cúirte in amanna le cásanna a shocrú agus a réiteach.

**Pósadh.**



I ndiaidh dó a bheith cúig bliana i Meiriceá phós sé Carol Nic Suibhne, bean a bhí ina banaltra. Ba i Meiriceá a thosaigh Danny agus Carol ag glacadh cúramaí altrama ( fostering ) orthu fhéin. Lean siad ar aghaidh ag altramú páistí i Meiriceá go dtí go dtáinig siad 'na bhaile go hÉirinn.

Bhí dhá bhliain is fiche caite ag Danny i Meiriceá nuair a shocraigh sé ar theacht ar ais 'na bhaile 1979 agus chan cinneadh é a bhí furasta a dhéanamh mar go raibh dúil mhór aige i Meiriceá agus an cineál saoil a bhí acu thall. Bhí Maggie Cháitríona ag reáchtáil Oifig an Phoist i gCluain tSaileach i gcónaí nuair a tháinig Danny 'na bhaile agus d'fhiafraigh sí de an rachadh sé i mbun Oifig an Phoist di mar go raibh sí fhéin ag dul siar in aois. Bhí Maggie ina colceathar ag máthair Danny. Reáchtáil sé fhéin agus Carol Oifig an Phoist i gCluain tSaileach go dtí gur druideadh é ocht mbliana ina dhiaidh sin. Carol ba mhó a bhí i mbun gnóthaí poist.

Lena chois sin, go díreach mar a rinne siad i Meiriceá, rinne siad cuid mhór páistí a altramú anseo fosta. Tá Danny iontach bródúil as na páistí uilig a bhí acu, tá pictiúirí daoibh uilig le feiceáil ar an bhalla sa seomra suí.

Beirt chlainne a bhí ag Danny agus Carol, sin Christine agus Dónall. Tá Christine pósta thíos i mBaile Chlár na Gaillimhe agus ceathrar clainne aici. Tá gnó slándála aici fhéin agus ag a fear céile. Iascaire a bhí in Dónall agus bádh é go tragóideach thíos i nGaillimh sna hochtóidí agus gan é ach sé bliana is fiche.

**Bás Carol.**

Ar an ochtú lá fichid de Bhealtaine 2008 fuair Carol bás go tobann. Cha raibh an tsláinte go maith sin aici ar feadh tréimhse roimhe sin ach tháinig a bás gan choinne. Bhuail an bás í thart fán haon déag a



*Daniel, Danny, Carol May agus Christine*

chlog agus bhí sí marbh sula bhfuair dochtúir ná sagart go dtí an teach. Déanann Danny í a chrothnú go mór i gcónaí.

Tá teach breá ag Danny ina bhaile dúchais i gCluain tSaileach agus é ar a chompord. Macasamhail Joe tá an chuimhne go hiontach aige agus é lán de chuimhní, de scéalta agus de cheol. Cuideachta iontach. Chan amháin gur ceoltóir den scoth atá in Danny ach chum sé fhéin amhráin fosta agus ba é a chur an fonn leis an amhrán 'The Bogs of Gáinne Mór' a scríobh bean mhuinteartha dóibh as Dumhaigh, sin Gracie Ní Bhuaidhe. Ba í a scríobh fosta - 'Dooey Grá Mo Chroí' agus 'The Road to Creeslough'.

Bliain ó shin chaith Danny tréimhse san otharlann ach tháinig sé amach as sin go maith agus tá sé ar a sheanléim arís. Tá sé seacht mbliana le cois na ceithre scór ach tá an spiorad i bhfad níos óige ná an aois aige. Bíonn saol corrach ag an uile dhuine, thuas seal, thíos seal ach bhain Danny taitneamh mór as a shaol go dtí seo. Mar a dúirt sé fhéin - 'chan athróinn a dhath de'. Tá súil agam go mbainfidh sé sásamh agus taitneamh mór as na blianta atá amach roimhe.

# Frank Ó hOireachtaigh

(1943 - 2013)



Rugadh Frank ar an 23 Deireadh Fómhair sa bhliain 1943. Ba é Frank an duine ba sinne i gclann Phadaí Phadaí Mhanuis (Ó hOireachtaigh) a fuair bás i 1979 agus Threasa Nóra Bhuoy (Ní Ghallchóir) a fuair bás i 1991. Bhí cúigear clainne eile acu fosta, Padaí a fuair bás i 2003, Mark a fuair bás i 1947 agus é 3 bliana d'aois, Rosemary, Micheál agus Noreen.



*Frank agus a aintín, Rosie Phadaí Mhanuis*

Macasamhail cuid mhór páistí san am sin chuaigh Frank a chónaí ag a mháthair mhór, Nora Bhuoy, agus a athair mór Padaí Mhicí Eoin (Ó Gallchóir) i Ros na Binne. As sin d'aistrigh siad go dtí an Machaire Beag. (Teach Fletcher a tugtar ar an teach sin anois). D'fhreastail Frank ar scoil Dhoire a' Chasáin áit a raibh Jack Mac Pháidín mar mhúinteoir aige. Chuaigh sé go Gairmscoil Bhaile na nGallóglach ó 1956-1960 agus díreach ón scoil sin go bádchlós Mhíobhaigh i Lag na hUillinne áit a raibh sé ag obair go dtí go deachaigh sé isteach sna Gardaí.

Bhí baint aige le cúrsaí drámaíochta sa cheantar seo ag an am sin fosta agus rinne sé drámaí le Rory Ó Gallchóir sa halla i gCarraig Áirt.

Nuair a chuaigh Frank isteach sna Gardaí i Mí Feabhra 1964 bhí an traenáil ag dul ar aghaidh i bPáirc an Fhionnuisce (Phoenix Park) i mBaile Átha Cliath agus ba é duine de na chéad earcaigh (recruits) a chuaigh go dtí an Teampall Mór, ba ansin a tógadh an lárionad úr do na Gardaí.


Is i gcathair na Gaillimhe a thug Frank a sheirbhís mar Gharda i dtús báire agus chuaigh sé as sin go dtí An Cheathrú Rua, An Sciobairín, Sráid an Mhuilinn agus ansin go Coillte Mach i gCo. Mhaigh Eo. D'éirigh sé as a phost mar Gharda i gCaisleán an Bharraigh sa bhliain 1997.

Phós sé Bríd Ní Oibicín ar an 14 Lúnasa 1967 i Ros Muc agus bhí cúigear clainne acu. Dee, Fi, Aoife, Gráinne agus Oisín.

Bhí suim mhór ag Frank sa drámaíocht i gcónaí agus i gcúrsaí Amharclainne agus d'oibrigh sé le drámaí a bhí trí Bhéarla chomh maith leis na drámaí a bhí trí Ghaeilge. Bhain sé céim i Léann na hAmharclannaíochta amach ó NUI Maigh Nuad agus léirigh sé drámaí thart fríd an tír uilig. Bhí baint aige le lear cumainn drámaíochta ina am agus taobh amuigh de na hamharclanna sa tír seo, chuir sé drámaí i láthair i Meiriceá, sa Fhrainc, i Sasana agus i Korea Theas. Bhunaigh sé an 'Whitethorn Theatre Group' lena



*Frank sa phríomh-pháirt (an múinteoir scoile) le Peadar Ó Ceannabháin i radharc as an dráma "Aistriúcháin" le Brian Friel a léirigh Aisteoirí na Tíre i 1981.*



pháirtnéir Frankie agus bhain siad Craobh na hÉireann do dhrámaí aon ghníomh leis an dráma 'The Time of the Whitethorn' i 1988. Ó d'éirigh sé as a phost mar gharda d'oibrigh sé go lánaimseartha mar theicneoir in Ionad Ealaíne Linenhall i gCaisleán an Bharraigh.

Toghadh é mar Chathaoirleach ar an Choiste Náisiúnta Drámaíochta sa bhliain 1993 agus tá sé soiléir go raibh meas mór ag na cumainn uilig ar fud na tíre ar Frank



*Sa dráma, "The Salvage Shop" 2013*

mar gur choinnigh sé an post sin don chuid eile dá shaol.

Is mar fhear soilse ag na Féilte agus ag taispeántais drámaíochta áitiúla is mó a bhí aithne ag na haisteoirí sna cumainn air agus cha dtiocfadh leat fear níos cuidiúil a fháil, rud a thuigeann muid go maith anseo sna Dúnaibh. Fuair Frank bás ar an 22 Meán Fómhair i mbliana.

Is cailleadh mór d'Aisteoirí Mhíobhaigh é bás Frank. Nuair a thosaigh muid ag cleachtadh don chéad dráma 'Fear an Gheafta' ag tús na bliana 2004 cha raibh sé ar intinn againn dul isteach san Fhéile Náisiúnta leis an dráma mar bhí muid go díreach ag iarraidh dráma trí Ghaeilge a dhéanamh don phobal. Labhair mé le Frank



Ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 2013 i gConamara. Frank le hÁine Uí Chuill, Rúnaí an Chomhlachas Náisiúnta agus Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

fá na soilse agus tháinig sé ar bord linn. Thug sé tacaíocht mhór dúinn ó thaobh léirithe agus bainistíochta stáitse de. Mhol sé dúinn dul isteach i gcomórtas An Chomhlachas Náisiúnta, rud a rinne muid agus dar ndóigh bhí muid sa chomórtas achan bhliain ó shin. Cha deachaigh muid ar stáitse áit ar bith nó in am ar bith taobh amuigh de na Dúnaibh gan Frank a bheith linn ag déanamh na soilse. Is cuma cá háit a bheas muid ar stáitse as seo amach beidh Frank linn inár gcroíthe. Déanfaidh muid é a chrothnú uainn go mór i mbliana.

Ar dheis lámh Dé go raibh a anam uasal.

Proinsias Ó Cuilinn

# Scéal na Mucaise



Cuireadh DVD ar fáil ar na mallaibh darbh ainm 'Glass Mountain' agus déanann sé cur síos cuimsitheach ar scéal gainimh na Mucaise. Is é gaineamh silice atá i ngaineamh na Mucaise agus tá sé 99.5% glan. Dúradh go raibh sé den darna cháilíocht is airde ar domhan. In ainneoin seo a bheith ar eolas go forleathan, bhí iargúltacht an cheantair ina bhac ar fhorbairt d'aon chineál tionscail a lonnú ansin. Cé gur tháinig tionsclaíocht chuig na ceantair uirbeacha ar an chósta thoir ag tús an 20ú aois, ba cheantar tuaithe é Dún na nGall agus an chósta thiar, áit a raibh daoine ag iarraidh slí beatha a bhaint amach ar an fheirm, ar an phortach agus ar an fharraige.

Ach bhí cúpla rud le tarlú a chuirfeadh athrú ar seo, áfach: Ar an chéad dul síos tháinig Iarnród Ailt a Chorráin, mar a thugtaí air, isteach fríd an Chraoslach sa bhliain 1905, ar a bhealach siar agus ansin bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach sa bhliain 1914. Níorbh fhada gur dhruid bombardaithe uafásacha an chogaidh an mhór-chuid d'fhoinsí traidisiúnta an ghainimh silice ar fud na hEorpa. D'fhág seo go raibh ráchairt ar ghaineamh na Mucaise agus anois le teacht an iarnróid, bhí bealach iompair leis an bhunábhar a chur chuig na calafoirt.

Stáisiún Traenach an Chraoslaigh



Ba léir do Bam, tiarna talún na hArdaí, an deis ghnó a bhí os a chomhair agus d'infheistigh sé san innealra a bhí riachtanach agus mar sin cuireadh tús leis an obair. D'éirigh go maith leis an tionscadal agus tugadh fostaíocht a raibh géar-ghá léi do dhaoine a bhí ar an imeall i gceantar imeal-lach. Cuireadh go mór le clú na Mucaise le dea-cháil an ghainimh a bhain na mianadóirí as sleasa an tsléibhe. Tugadh an gaineamh chuig stáisiún an Chraoslaigh i dtrucailí capaill agus b'éigean do na fir é a shluaisteáil isteach sna trucailí iarnróid an-sin. Théadh sé chuig na calafoirt ar an iarnród.

Deirtear gur olc an ghaoth í nach séideann maitheas do dhuine inteacht ach tá a mhalairt fíor fosta: Cé gur fháiltigh na milliúin roimh dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, faraor! ba é a d'fhógair deireadh le tionscail an ghainimh ar an Mhucais, go sealadach ar a laghad. D'oscail claiseanna gainimh na hEorpa arís i ndiaidh an chogaidh agus níorbh é fuaim an innealra ach macalla na bhfaoileog a bhí le cluinstin thart fá Chnoc a' Tí agus an Mhucais arís.



Bhí an meath seo le mairstin ar feadh tríocha bliain ach arís, ba é cogadh domhanda a chuirfeadh tionscal gainimh na Mucaise ar a bhonnaibh uair amháin eile. Bronnadh ceadúnas mianadóireachta Stáit ar chomhlacht darbh ainm Mianraí Éireann Teoranta (Irish Minerals Ltd.) sa bhliain 1940 agus arís ceannaíodh trealamh úr agus fostaíodh baicle fear, suas le tríocha cloigne, le dul i gceann oibre.





Ba obair mhaslach láimhe a bhí ann leis an ghaineamh a bhaint ó thaobh an tsléibhe le piocóid agus sluasaid. Bhí lá fada trom ag na hoibrithe mar thosaigh leoraí amháin á dtógáil ón Chaiseal ag droichead an Leacaigh ag 7.30 r.n. agus leoraí eile á dtógáil ag Doire Uí Fhríl agus Dún Fionnachaidh thart fán am chéanna. B'éigean d'achan fhear brosna nó píosa adhmaid a bheith leis agus é ag dreapadh suas an tsléibhe, turas a ghlac idir 20 bomaite agus leathuair. Stróc siad leo i rith an lae ansin, le dhá thréimhse sosa, ag nóin agus ag a 4.00 i.n. go dtí gur chríochnaigh siad ag 5.00 i.n. sa gheimhreadh agus 7.00 i.n. an chuid eile den bhliain.



Lódáladh an gaineamh isteach in sleamhnán (chute), áit a níodh é sular cartadh é isteach sna leoraithe. Tugadh ansin é go céidh na hArdaí agus fágadh ansin é gur tháinig an bád ó Learpholl chun é a thabhairt go Sasana. In amanna, bhí éileamh chomh mór sin ar ghaineamh na Mucaise gur chuimhin le daoine trí bhád de chuid Pilkington bheith i gCuan na Long ag an am chéanna, ceann ag céidh na hArdaí, soitheach ar ancaire amach ó bháigh na hArdaí agus an tríú soitheach ag céidh na nDúnaibh!

Bhí ar na fir ola agus geilignít a iompair suas an sliabh chomh maith agus bheadh sé doiligh a shamhlú cad é a dhéanfadh na húdaráis Sláinte agus Sábháilteachta de seo! Is cuimhin le Dónall Mac a Bháird, fear de na hoibrithe ó Dhroim na Rátha, atá beo beathach go fóill, an mhaidin a leagadh síos na lánáin phléascacha (explosive charges), réidh le bleaisteáil i ndiaidh am lóin. Chuaigh na fir isteach sa bhothán lena gcuid a dhéanamh agus bhí siad ina suí ansin go suaimhneach nuair a réabadh an spéir le tormán uafásach agus thosaigh na carraigeacha móra ag titim agus ag scairdeadh anuas ar mhullach an bhotháin! Shíl Dónall agus a chompánaigh ní amháin go raibh deireadh leofa-san ach gurb é deireadh an domhain a bhí ann! Ach caithfidh sé go raibh díon breá daingean ar an bhothán mar níor gortaíodh éinne agus ní fios go fóill cé a phléasc na lánáin agus ní dóiche go bhfaighfear amach anois é a choíche.

Luadh an obair mhaslach agus na droch-choinníollacha oibre a bhí ag na fir cheana féin agus mar shampla dá leithéid, bhí tuarastal lae na bhfear ag brath go hiomlán ar an aimsir. I bhfocla eile, dá mbeadh sé ag stealladh baistí i rith an lae, bhí orthu dul leath-bealaigh suas an Mhucais agus shuíodh siad sa bhothán i rith an lae agus thagadh siad anuas tráthnóna gan fiú leathphingin rua le taispeáint fána choinne! Chuir siad suas leis ar feadh tamaill ach i ndeireadh na dála, caithfidhse gur chuir siad an brú ar na polaiteoirí mar ar an 3 Márta, 1949 cuireadh ceist i nDáil Éireann faoi chás na n-oibrithe ar an Mhucais agus faoin droch-nós seo. Cé nár réitíodh an cheist ag an am sin, thángthas ar réiteach ní ba mhoille.

Arís, chuir deireadh an chogaidh deireadh le tionscal an ghainimh ar an Mhucais cé gur lean sé ar aghaidh go dtí 1954. In ainneoin iarrachtaí é a athbheochan arís sna naoi déag seascaidí, níor éirigh leo. Is féidir cuid den sean-trealamh a fheiceáil ann go dtí an lá ata inniu ann ach níl fágtha anois ach caoirigh agus taibhsí ar shleasa na Mucaise.

*Caoimhín Mac a 'Bháird*

## Seanfhocal

*Ná bi lom leis an talamh nó beidh an talamh lom leat*

* * *

# Curaí Fhánada

Tháinig baicle de mhuintir Fhánada le chéile i rith an gheimhridh anuraidh agus earrach na bliana seo agus iad ag obair go cruaidh le curaí a thógáil. Bhí idir óg agus aosta, fhir agus mhná i mbun na hoibre seo. Bhí comhoibriú agus craic iontach ann achan oíche, daoine ag cuidiú le chéile, ag cur comhairle ar a chéile, ag gearradh, ag tomhais, ag cruthú agus ag comhrá, gan labhairt ar an tae agus na ceapairí a cuireadh ar fáil achan oíche. San Atlantic House a bhíodh an obair seo uilig ag dul ar aghaidh agus bhí muintir an tí sin fial agus flaithiúil i dtólamh.

Tháinig an lá mór ar an Domhnach, an 23ú lá de Mheitheamh nuair a coisreacadh na curaí uilig agus seoladh chun farraige iad den chéad uair. Lá mór i saol mhuintir Fhánada agus toradh a saothar le feiceáil ar snámh ar bharr na dtonnta agus fá bhruach na trá.


Seo cúpla pictiúr agus na saoir curaí i gcionn a gcuid oibre le dúthracht agus le díogras agus fosta cúpla pictiúr den lainseáil.

Nóirín Goulding













# Oíche Chultúrtha

Bhí oíche den chéad scoith againn ar an Aoine, 11 Deireadh Fómhair nuair a chuir ceoltóirí, damhsóirí, amhránaithe agus filí aitheanta an seó ab fhearr a bhí againn ariamh i láthair in Óstán na Trá sna Dúnaibh.

Chuir na ceoltóirí áitiúla, Caoimhe Ní Mhaoileoin agus cairde, Sorcha Ní Chuilinn agus Deirdre Ní Chuilinn tús leis an chlár le cúpla port bríomhar beomhar agus sin mar a lean an oíche. Cuireadh fáilte mhór roimh Chlann Mhic Ruairí, sin Tony, Aodh, Seán, Dónall agus Megan, as Rann na Feirste, a chuir seó iontach i láthair. Bhí cúpla taispeántas damhsa galánta le Sinéad agus Eilís, iníonacha Chaoimhe agus le Niamh agus Gavin Ó Sibhleáin a tháinig as Leitir Ceanainn. Léigh an file, Colette Ní Ghallchóir, roghnú dá cuid dánta féin agus rinne Laura Pasoma an dán "Maggie" dán de chuid Proinsias Ó Cuilinn a aithris. Tháinig Eunan Ó Gallachóir le chéile le Caoimhe & Cairde fá choinne cúpla port eile agus bhí cúpla amhrán deas againn ón cheoltóir áitiúil, Dónall Mac Daibhéid. Tháinig an grúpa ceoil "In Their Thousands", atá i mbun oibre ar a gceathrú taifeadadh faoi láthair, isteach chugainn fosta roimh dheireadh na hoíche agus thug Clann Mhic Ruairí an seó chun críche mall san oíche i ndiaidh trí nó ceithre iarraidh ón lucht éisteachta orthu "amhrán amháin eile" a cheol.



*Sorcha Ní Chuilinn, Deirdre Ní Chuilinn agus Caoimhe Ní Mhaoileoin*



*Megan Nic Ruairí*



*Dónall, Seán, Tony agus Aodh Mac Ruairí*




*Gavin Ó Sibhleáin*



*Colette Ní Ghallchóir*

*Ba mhaith le Céim Aniar buíochas ó chroí a ghabháil le achan duine a ghlac páirt san oíche.*

## Oíche Chultúrtha



*In Their Thousands*



*Dónall Mac Daibhéid*



*Laura Pasoma*



*Sinéad & Éilis Ní hEarra*



*Niamh & Gavin Ó Sibhleáin*

# Féile Chéim Aniar 2013

Ghlac os cionn céad dalta scoile páirt arís i mbliana sa chomórtas filíochta a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh ar an Satharn, 7 Nollaig. Tá moladh mór tuilte ag na páistí uilig a ghlac páirt agus ag na múinteoirí agus na tuismitheoirí a chuidigh leo. Tá an caighdeán ag dul i bhfeabhas achan bhliain. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Finola Harte, le Michelle Nic Grianna agus le Seán Mac Ruairí a rinne an mholtóireacht, le Meitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn agus le duine ar bith a chuidigh linn ar an lá.



Ar chlé tá buaiteoirí comórtas na Naíonáin:

**Meadhb Ní Chonaill**, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lucas), **Gavin Mac Giolla Bhríde**, Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach (An dara háit), **Aoibhe Ní Chuinn**, Scoil Cholmcille, Cill Mhic nÉanáin agus **Róisín Ní Fhíoruisce**, Scoil Ghlasáin, An Craoslach, (An tríú háit roinnte). Sa phictiúr fosta tá Michelle Nic Grianna agus Seán Mac Ruairí, moltóirí an chomórtais.

# Féile Chéim Aniar 2013



**Rang 1 & 2**
Dan Ó Conaill, Scoil Cholmcille, Cill Mhic nÉanáin (An chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Fionnuala Ní Bhaoill, Scoil Cholmcille, Baile na Finne, (An dara háit), Siobhán Ní Chameron agus Róisín Nic Cionnaith, Scoil Cholmcille, Cill Mhic nÉanáin, (An tríú háit roinnte).



**Rang 3 & 4**
Aoibhinn Ní Chonaill, Céim Aniar (An Chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Kara Ní Dhochartaigh, Scoil Ghlasáin, An Craoslach, (An dara háit), Caitlín Ní hEadhra, Scoil Cholmcille, Cill Mhic nÉanáin agus Aisling Ní Bhaoill, Scoil Cholmcille, Baile na Finne, (An tríú háit roinnte).



**Rang 5 & 6**
Rónán Ó Gallachóir, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Céim Aniar), Antain Ó Buidhe, Céim Aniar (An dara háit), Eibhlín Ní Bhaoill, Scoil Cholmcille, Baile na Finne agus Aobha Ní Ghallachóir, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).



**Comórtas na Meánscoile**
Laura Pasoma, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Údarás na Gaeltachta), Edel Nic Niallais, Baile na Finne (An dara háit), Eimear Ní Threartaigh agus Síle Ní Threartaigh, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).

**Duais Speisialta**

Ar dheis tá Rónán Ó Gallachóir ag glacadh Corn Ghuth Ghoill don dara bliain i ndiaidh a chéile. Bronntar an corn seo ar an iomaitheoir áitiúil is fearr sa chomórtas. Sa ghrianghraif fosta tá Proinsias Ó Cuilinn (Oifigeach Ealaíona, Céim Aniar) agus Finola Harte (moltóir).



# Páistí Ros Goill sa chomórtas "Deis a Labhartha" ag Éigse Sheáin Bháin




*Ar dheis tá Áine Ní Chonaill, a bhain an tríú háit amach i gComórtas Rang 1 & 2.*




*I lár tá Aoibhinn Ní Chonaill a bhain an chéad áit amach i gComórtas Rang 3 & 4.*



*Ar chlé tá Rónán Ó Gallachóir, a bhain an dara háit amach i gComórtas Rang 5 & 6.*



*Dara duine ó dheis, Laura Pasoma, a bhain an dara háit amach i gComórtas na Meánscoile.*

## Imeachtaí i ndiaidh Am Scoile

Seo cuid de na páistí a dhéanann freastal ar na himeachtaí i ndiaidh am scoile agus na cártaí galánta a rinne siad don Nollaig.

Beidh na páistí ag cleachtadh do na drámaí nuair a thagann siad ar ais i ndiaidh laethanta saoire na Nollag. Beidh na himeachtaí ag toiseacht ar an Luan, 13 Eanáir i gColáiste Ros Goill.







# Rang Ceoil le Máire Ghráinne




# Lón na Nollag in Áras Ros Goill



# Feadaímó Na Nollag

Tá Feadaímó agus Micí istigh i gcoill i bhFear Mánach. Tá dhá lá caite acu anseo. Micí ag iascaireacht san abhainn agus Feadaímó ag seilg lena thabhall fá choinne ioraí rua. Tráthnóna an darna lá chonaic sé fia ag siúl go deas suaimhneach síos i dtreo na habhann agus thóg sé an chloch is mó a bhí aige óna phóca. Lean sé an fia go dtí gur chrom sí a ceann le deoch a fháil. Luasc sé an tabhall thar a cheann agus é ag fanacht uirthi a cloigeann a thógáil. Caithfidh gur chuala an fia fuaim an tabhaill agus d'amharc sí thart. Scaoil Feadaímó an chloch uaidh agus bhuail sé í idir na súile. Thit sí go tobann isteach san abhainn agus léim Feadaímó isteach ina diaidh. Cha raibh an t-uisce domhain istigh in aice an bhruaigh agus thóg sé í amach gan buaireamh ar bith. Tharraing sé í isteach sa choill agus cheangal sé an dá chos deiridh. Fuair sé téad na lárach agus chroch sé an fia in airde ar chrann. Fuair sé a scian ansin agus chuaigh sé i mbun oibre a feannadh. Tamall ina dhiaidh sin tháinig Micí a chuardach. "Bhail, amharc seo," arsa Micí agus é ag amharc ar an fhia mhór. "Tá Fionn Mac Cumhaill i ndiaidh theacht ar ais." "Stad den amaidí, a Mhicí, agus cuidigh liom, tá oiread feola anseo againn is a choinneodh muid ag dul ar feadh míosa."

"Tá an ceart agat ansin, a Fheadaímó, ach níl salann ar bith againn agus ghlacfadh sé cúpla lá eile leis an fheoil a leasú leis an ghrian." "Tá a fhios agam," arsa Feadaímó, "ach sílim gurbh fhiú sin a dhéanamh anois. Cha bheadhas muid ag brath ar dhuine ar bith eile i dtaca le cothú de go bhfaigheadhas muid a fhad leis an bhád i nGaillimh. . Seo," a dúirt sé, agus é ag tabhairt an chraicinn do Mhicí.

"Cuir sin isteach i bpoll, áit nach dtiocfaidh duine ar bith air mar chan róshásta a bheadh na bodaigh mhóra dá bhfaigheadh siad amach go raibh na tuathánaigh ag déanamh seilge ar a gcuid tailte." Ghlac Micí an craiceann agus cheangail sé é ina chnapán. "Is mór an trua," a dúirt sé, "nach bhfuil faill againn seo a leasú fosta. Dhéanfadh sé clóca ar dóigh don fhearthainn." "Níl neart air," arsa Feadaímó, agus é ag gearradh na feola. "Bailigh slatacha saileoige agus triomóidh muid an fheoil seo amárach sa réiteach sin ina bhfuil na capaill." Trí lá eile ina dhiaidh sin bhí siad réidh le himeacht. Bhí an capall ballach ualaithe leis an fheoil agus leis na bric thirime. Bhí Feadaímó ar an stail agus Micí ar an láir agus thug siad aghaidh ó dheas. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch an lá seo ach bhí neart foscaidh acu istigh faoi na crainn. Thug siad beart leathan do thithe ar bith a chonaic siad cé go bea botháin a bhí sa chuid is mó acu. Corruair chuala siad madadh ag tafann rompu agus thiontódh siad soir no siar cibé cén treo ab fhearr dóibh le coinneáil amach as an chosán. Bhí an cineál seo turais fadálach ach ar an tráthnóna den tríú lá stad siad ar bhruach locha a bhí mór agus leathan. "Caithfidh go bea sin Loch Éirne ," arsa Micí, agus mar a tchíonn tú fhéin níl an bruach eile le feiceáil. Chan le snámh a rachas muid ó dheas ó seo."



"Tá i bhfad a bharraíocht tithe thart anseo," arsa Feadaímó, "go háirithe ag amharc soir. Bád ar bith atá le feiceáil níl siad mór go leor leis na capaill a chur iontu agus níl mise ag iarraidh iad a chailleadh. Glacfaidh sé cúpla lá ach rachaidh muid siar go mbuailfidh muid leis an chósta i dTír Chonaill. Ar a laghad is daoine cosúil linn fhéin a bheas ina gcónaí ansin." "Nach síleann tú go mbeidh sé contúirteach duitse dul ar ais i measc na gConallaigh ," arsa Micí" Cha shílim é, tá muid fada go leor ó dheas anseo agus má théann muid díreach siar níor chóir dúinn a bheith rófhada ó Chonnacht. Sin ráite tá sé rómhall le toiseacht anois. Rachaidh muid ar ais isteach sa choill agus déanfaidh muid campa. Tá lá fada dul a bheith romhainn amárach." Bhí siad ina suí ag an tine an oíche sin agus neart den fheoil thirim a chogaint acu nuair a labhair Micí. "Ar amharc tú ort fhéin le tamall, a Fheadaímó." D'fhan Feadaímó go raibh an píosa feola a bhí ina bhéal slogtha aige sula dtug sé freagra. "Bhail anois, caithfidh mé a rá nach bhfuair mé mórán de dheis sin a dhéanamh le gairid. Bhí rudaí i bhfad níos tábhachtaí agam le déanamh. Anam a choinneáil le corp duine acu. Tá a fhios agat fhéin go bhfuil arm an Rí ag iarraidh mo mhuineál a shíneadh le rópa agus tá cuid de na feirmeoirí móra mo chuardach. Scaoilfeadh siad mé chomh tapaigh is a scaoileadh siad francach. Cad chuige an bhfuil tú ag cur ceiste mar sin orm?" "Mar tá an bheirt againn mar an gcéanna," arsa Micí. "Tá na héadaí atá orainn stróicthe, stiallta, salach agus má chasann muid le duine ar bith, aithneoidh siad lom díreach nár chóir dár leithéid a bheith ag marcaíocht ar na capaill atá linn."

D'amharc Feadaímó ar a chóta. "Tuigim an rud atá tú ag rá," a dúirt sé. "Cheannófá feirm bheag agus trí bhó ar luach na staile amháin. Caithfidh muid a bheith cúramach go díreach." "Cha shílim go mbeidh sin maith go leor," arsa Micí. "Chan trí choillte a bheas muid ag taisteal ó seo amach. Casfaidh muid le daoine nó ar an drochuair leis na hÚdaráis idir seo agus Gaillimh agus sin a bhfuil dó. Níl tusa ag iarraidh na capaill a chailleadh is níl mise ach oiread. Tá an turas atá romhainn rófhada. Bheifeá thusa breá ábalta siúl rith an bhealaigh ach chaith mise blianta i gcabhlach an Rí agus chan mórán siúil a níonn tú ar na bádaí. Mar sin de caithfidh muid glanadh suas agus éadaí na huaisleachta a fháil dúinn

fhéin sula dtéann muid a dhath níos faide. Gléasta mar sin ní thabharfaidh duine ar bith aird orainn." "Deacair is eile is mar a bheadh sé dúinn sin a dhéanamh," arsa Feadaímó, "má labhraíonn duine ar bith linn beidh muid san fhaopach cibé." Thosaigh Micí ag labhairt mar a bheadh duine den uaisleacht é. "Ó, I don't' know about that old chap, I do believe we could make a very good show of it." Phléasc Feadaímó amach ag gáire. "In ainm Dé, cad é'n dóigh....Bhris Micí isteach air agus é ag gáire fosta. "Sin an caitheamh aimsire a bhí agamsa ar na bádaí, a ghasúir. Bhí go leor de na hoifigigh a labhair mar sin agus iad ag dul thart lena gcuid srón san aer acu. Má chasann muid le duine ar bith is mise an Captaen George Armstrong, tá mé ag taisteal go Gaillimh le ceannas a ghlacadh ar long de chuid an Rí. Is tusa mo Second Mate. Níl an Béarla go rómhaith agatsa ach tá neart Gaeil sa chabhlach is glacfaidh siad le sin. Ó seo amach caithfidh mé tamall achan lá ag foghlaim Béarla duit agus na téarmaí a bheadh in úsáid agat ar bhád. Is é an chéad cheann ná 'Aye, aye Captain.' An bhfuil sin maith go leor? "Aye, aye Captain, arsa Feadaímó. "Anois, níl le déanamh agat ach na héadaí a fháil. Ní bheidh sé deacair éadaí a fháil domhsa, arsa Micí, ach duitse, sin ceist eile. Tá tusa chomh mór le beirt fhear agus tá mé den bharúil go mbeidh táilliúir a dhíobháil le tusa a ghléasadh." Thóg sé mála óir Feadaímó agus chaith se é chuige. "Cosnóidh sé airgead duit na héadaí a fháil ach tá neart de sin agat sa mhála." "Tá muid ar an bhealach le tamall anois, a Mhicí," arsa Feadaímó, "agus char chas muid le táilliúirí ar bith. Seo an rud a mholaimse. Fágfaidh mé tusa anseo leis na capaill agus rachaidh mise ar lorg táilliúra. Caithfidh go bhfuil baile mór áit éigin n thart anseo." Sheas Micí agus é ag smaoiteamh. "B'fhéidir nach mbeadh ort dul chomh fada le baile mór, a Fheadaímó," a dúirt sé. "Tá neart táilliúirí ag obair ina gcuid tithe fhéin faoin tuath. Níl le déanamh ach fios a fháil fá cá bhfuil siad. Agus le sin a dhéanamh caithfimid ceist a chur ar dhuine inteacht agus is mise an fear is fearr le sin a dhéanamh. Anois, tá léine amháin fágtha i mo mhála nach bhfuil stróicthe agus tá sé glan go leor. Rachaidh mé síos a fhad leis an abhainn is glanfaidh mé m' aghaidh." Le sin chuala siad daoine ag caint agus iad ag teacht an bealach sin.

Fuair Feadaímó greim ar théad na staile agus tharraing sé é amach as an talamh. Bhí Micí ag déanamh iarrachta an tine a mhúchadh ach bhí siad rómhall. Shiúil triúr fear isteach sa mhullach orthu. Bhí fear amháin acu ard agus caol le féasóg mhór rua air. Cha raibh an fear i lár báire chomh ard leis ach bhí sé láidir i gcosúlacht. Bhí sé maol agus bhí neascóid mhór faoin chluas aige. Fear beag bacach a bhí sa tríú fear ach bhí clisteacht ina aghaidh. Bhí coiníní agus ioraí rua crochta thart ar mhuineál achan fhear. Stad achan duine go tobann. D'amharc an triúr ar an bheirt agus thosaigh siad ag cúlú. D'aithin Feadaímó gur póitseálaithe a bhí iontu. "Stad" a dúirt sé, agus tharraing sé a ghunna. Tharraing Micí a ghunna ó dhiallait na lárach agus dhírigh sé é ar an triúr. "We're sorry Lords," arsa an fear bacach. "We..." Lig Feadaímó scairt as. "Druid do bhéal. Taraigí isteach anseo cóngarach don tine agus suígí síos. Caith uaibh na coiníní sin, chan libhse iad." Bhail, second mate," arsa Micí, nuair a bhí an triúr ina suí, "Cuma go bhfuil baicle póitseálaithe againn anseo. Déarfainn go mbeidh airgead le fáil anseo má thabharann muid na boic seo a fhad leis an teach mór. Chan róshásta a bheas an Tiarna talún nuair a tchíonn sé an cineál slada a rinne siad ar na coiníní bochta, go hairithe i lár an tsamhraidh. Mar a deir siad sa Bhéarla, 'only pot rabbit when 'r' in month.' Nár chuala sibh sin ariamh, a fheara?" "Crochfaidh siad muid," arsa an fear bacach. "Tá teaghlaigh againn agus níl plaic le cuir ina mbéil acu ach prátaí. Chan fheiceann siad greim feola de chineál ar bith is cuma cé acu a bhfuil 'r' sa mhí nó nach bhfuil. Is Gaeil sibh fhéin, cad chuige a ndéanfá sin orainn?"


Chuir Feadaímó síos a ghunna agus thóg sé mála d'fheoil thirim an fhia ó dhroim an chapaill bhallaigh. "Seo chugaibh," a dúirt sé agus chaith sé an mála chuig an fhear bhacach. "Thig libh sin a thabhairt na bhaile libh, agus sula gcuireann tú an cheist, cha raibh cead againne an fia a mharú ach oiread." Thug an fear píosa feoil don bheirt eile agus thosaigh sé ag cogaint píosa é fhéin. "Cad é fá na coiníní?" arsa an fear rua. "Tabharaigí iad sin libh fosta," arsa Feadaímó, "tá neart feola againne anseo. Ach, ba mhaith liom dá ndéanfadh sibh gar beag amháin dúinn sula n-imíonn sibh. Tá táilliúir a dhíobháil orm, an bhfuil aithne ar bith agaibh ar fhear acu a choinneodh a bhéal druidte?" "Tá táilliúir i nGleann an tSeabhaic" arsa an fear maol. "Condaí, atá air, ná bíodh eagla ort fá na hÚdaráis maidir le Condaí de. Ghlac beirt mhac dena chuid scilling an rí agus cailleadh iad ag troid in éadan Napoleon. Tá mac eile sa chabhlach go hiomlán in éadan a thola agus níl fágtha anois aige ach iníon amháin." "An dtiocfadh leat iarraidh air theacht anseo?" Arsa Feadaímó. D'amharc an fear maol ar Fheadaímó agus chroith se a cheann. "Tá eagla orm nach dtarlóidh sin," a dúirt sé. "Níl ag Condaí ach cos amháin agus cé gur táilliúir den scoth é, caithfidh a chuid custaiméirí dhul chuige." "Rud a níonn neart acu," arsa an fear bacach agus sheas sé. Is Eoin atá ormsa, a dúirt sé, níl a fhios agam cé thú nó cérbh as thú. Níl a fhios agam cad chuige a bhfuil tú i bhfolach sa choill agus is cuma liom. Is col seisear domhsa é Condaí agus bhéarfaidh mé tú chuige anois. Thig leis an bheirt agaibhse dul na bhaile agus an baisc coiníní is uile libh. Sheas an bheirt acu agus thóg siad na coiníní agus na hiorraí rua agus chroch siad thart ar a muiníl iad. Bhí lód trom acu anois mar nach raibh ach beirt acu ag iompar ach bhí siad breá láidir agus d'imigh siad leo soir fríd na crainn. "Rachaidh muidinne an bealach seo, arsa Eoin, agus é ag díriú a mhéar siar.

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

## Scoil Mhíobhaigh

*Dé réir mar ar is eol dúinn seo, ar chlé, ainmneacha na bpáistí uilig sa phictiúr seo a ghlacadh thart fá 1955.*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Brian Mac Lochlainn | 17 | Anna Nic Giolla Bhríde (Tommy) | 34 | Séamas Mac Lochlainn |
| 2 | Éamonn Ó Gallchóir | 18 | Éamonn Mac Lochlainn | 35 | Máire Ní Bhuidhe |
| 3 | Dónall Mac Giolla Bhríde | 19 | Pádraig Mac Giolla Chomhaill | 36 | Mícheál Mac Giolla Bhríde |
| 4 | Seán Ó Gallchóir (Phat) | 20 | Mícheál Mac Giolla Chomhaill | 37 | Rosanne Nic Giolla Bhríde |
| 5 | Seán Ó Sibhleáin | 21 | Nóirín Nic Giolla Bhríde (Fenny) | 38 | Éanna Ó Gallchóir |
| 6 | Cathal Ó Gallchóir | 22 | Cáit Ní Shibhleáin | 39 | Seán Mac Giolla Bhríde |
| 7 | Seán Ó Gallchóir | 23 | Cáit Ní Bhuaidhe | 40 | Adelheid Lichtenfeld |
| 8 | Dónall Ó Gallchóir | 24 | Mícheál Mac Fhionnghaile | 41 | Proinsias Mac Aoidh |
| 9 | Annie Marie Ní Ghallchóir | 25 | Máire Ní Ghallchóir (Phat) | 42 | Donnchadh Ó Brógáin |
| 10 | Máire Nic Giolla Bhríde (Burns) | 26 | Mícheál de Brún | 43 | Sábha Nic Giolla Bhríde |
| 11 | Antóin Ó Brógáin | 27 | Anna Ní Dhochartaigh | 44 | Stiofán Ó Sibhleáin |
| 12 | Nóirín Nic Lochlainn | 28 | Donnchadh Mac Giolla Bhríde | 45 | Pádraig Ó Gallchóir |
| 13 | Máire Nic Giolla Bhríde (Mhicí Rua) | 29 | Ciarán Ó Gallachóir | 46 | Anna Ní Bhuaidhe |
| 14 | Méabha Ní Bhuidhe | 30 | Brenda Nic Giolla Bhríde (Tommy) | 47 | Éamonn Mac Giolla Chomhaill |
| 15 | Eibhlín Ní Dhochartaigh | 31 | Toirleach Ó Dubhthaigh | 48 | Anna Ní Ghallchóir (Phat) |
| 16 | Máire Nic Lochlainn | 32 | Seán Ó Buaidhe | 49 | Sorcha Ní Bhuaidhe |
| | | 33 | Sarah Anne Nic Giolla Bhríde | | |



Buíochas do Nóirín Goulding as an phictiúr seo a thabhairt dúinn.

## Daidí na Nollag i Naíonra na nDúnaibh



## Scéal na Nollag i Naíonra Dhuibhlinn Riabhach

